Áth an Choite
Tionscadal Phasáiste Éisc
Annacotty
Fish Passage Project

# TOGRA BHEALACH ÉISC ÁTH AN CHOITE

## COMHTHÉACS AN TOGRA



• Tógadh an chora chun muileann a chumhachtú ach anois tá sé ina bhac mór do speicis amhail loimpre, bradán agus breac.

• Is pointe ríthábhachtach é Cora Áth an Choite ar an taobh sin de Dhobharcheantar na Maoilchearna atá i dtreo bhéal na habhann agus tá sé ag athrú sreabhadh nádúrtha dríodair, foirmiú gnáthóg, ag cur isteach ar nascacht idir aibhneacha agus déanann sé gnáthóga uisceacha a scoilteadh.





Sainaithníodh Cora Áth an Choite mar bhac suntasach ar shaorghluaiseacht éisc. Tá sé mar aidhm ag Togra Bhealach Éisc Áth an Choite aghaidh a thabhairt air seo trí Abhainn na Maoilchearna a chur ar ais ina foirm nádúrtha le sruth reatha inti.

Bunaíodh Grúpa Idirghníomhaireachta don tionscadal seo lena n-áirítear ionadaithe ó:

| | |
|---|---|
| Iascach Intíre Éireann (IIÉ) | An Roinn Comhshaoil Aeráide agus Cumarsáide |
| Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) |
| Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) |



Tá géarchéim bithéagsúlachta domhanda ann agus rátaí díothaithe speiceas ag dul i méid.[1] Deir an tuarascáil Innéacs Pláinéad Beo (LPI) is déanaí a d'eisigh WWF agus Zoological Society of London go bhfuil líon na speiceas fionnuisce tite 85% le leathchéad bliain anuas. I mí na Bealtaine 2019, bhí Éire ar an dara tír ar domhan a d'fhógair éigeandáil aeráide agus bhithéagsúlachta. Is den riachtanas é go ndéanfaí gníomh anois chun cailleadh bithéagsúlachta na hÉireann a chosc trí athruithe ar nós Togra Bhealach Éisc Áth an Choite a dhéanamh.

Foinse: Tuarascáil na Náisiún Aontaithe: Meath Contúirteach an Dúlra 'Gan réamhshampla'; Rátaí Díothaithe Speiceas 'Ag Luathú'



### An Comhthéacs Reachtach

• Tá sé mar aidhm ag **Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030** go mbeidh 25,000 km d'aibhneacha ag sreabhadh go saor faoi 2030. De réir na straitéise seo, tá sprioc ag 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann 2023-2030 a éilíonn go ndéanfaí 300 km d'aibhneacha a athbhunú sa chaoi is go mbeidh siad ag sreabhadh go saor.

• Is rialachán nua de chuid an **Choimisiúin Eorpaigh é Dlí an AE** um Athbhunú Dúlra chun 20% ar a laghad de limistéir talún agus farraige an AE a athbhunú faoi 2030 agus le go gcuirfí gach éiceachóras a bhfuil gá lena athbhunú ina cheart faoi 2050.

• Is é cuspóir **Chreat-Treoir Uisce an AE (2000/60/CE)** cáilíocht uisce a chosaint chun dea-stádas éiceolaíochta a bhaint amach. Tugtar an Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 ar 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann. Luaitear Cora Áth an Choite go sonrach ann mar thionscadal píolótach sa chlár maolaithe.

• An **Treoir AE maidir le Gnáthóga (92/43/EEC):** Tacaíonn an tionscadal seo go díreach leis na cuspóirí caomhantais do SAC na Sionainne Íochtaraí, a bhfuil sé mar aidhm aige inrochtaineacht abhann a mhéadú do speicis imirceacha ar nós bradán an Atlantaigh agus loimpre.

• **Éilíonn Rialachán Eascann an AE (1100/2007)** ar thíortha an AE bearta athshlánaithe a chur i bhfeidhm do phobal eascann san Eoraip. Cabhróidh tionscadal bealach éisc Áth an Choite leis an sprioc seo a bhaint amach.

# OPTIONS



Rogha A – Cuid den Chora a Bhaint

An chuid thoir den chora a bhaint, an dréimire éisc atá ann cheana féin san áireamh. Cainéal na habhann a athbhunú le
Grádán 1:200. Oibreacha teannta a dhéanamh ag deireadh na cora reatha. Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil, le balla nua ar an taobh thuas den abhainn chun an Sruth Muilinn a leathnú. Sampla dá Leithéid atá ann Cheana: Cora Bhaile Cloch, An Mhaoilchearn



Rogha B – An Chora ar fad a Bhaint

An struchtúr ar fad a chuireann bac ar éisc a bhaint. Laghdódh sé seo an leibhéil tuile go suntasach ar an taobh thuas den abhainn, gan aon tionchar a bheith aige ar leibhéil tuile i dtreo bhéal na habhann. Cainéal na habhann a athbhunú go staid níos nádúrtha a fheabhsaíonn hidrea-mhoirfeolaíocht agus an éagsúlacht éiceolaíochta. Na bunghnéithe stairiúla in aice leis an muileann cosanta a fhágáil mar atá agus balla nua a chur isteach ar an taobh thuas den abhainn chun an Sruth Muilinn a leathnú.



Rogha C – An Dréimire Éisc Reatha a Athchóiriú

An chora ar fad a choinneáil, an dréimire éisc atá ann cheana féin san áireamh. Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil. An dréimire éisc athchóirithe, an grádán agus an socrúchán sciatha feabhsaithe go measartha. Tá méid an athchóirithe seo srianta ag an leagan amach reatha.



Rogha D – An Chora Reatha a ísliú in éineacht le bealach éisc a chur isteach. An chora atá ann faoi láthair a choinneáil, leibhéal círíneach na cora a ísliú de 1m. An dréimire éisc reatha a bhaint. Bealach éisc nua a chur isteach (rampa carraige ar an taobh thuas den abhainn). Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil, le balla nua ar an taobh thuas den abhainn chun an Sruth Muilinn a leathnú. Sampla dá Leithéid atá ann Cheana: Baile na Carraige, Ceatharlach

Áth an Choite
Tionscadal Phasáiste Éisc
Annacotty
Fish Passage Project

# OPTIONS



Rogha E – Bealach Éisc Rampa Carraige a chur isteach i dtreo bhéal na habhann ón gCora. An chora reatha a choinneáil. An dréimire éisc reatha a bhaint. Rampa carraige nua a chur isteach ar an taobh thuas den abhainn. Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil. Sampla dá Leithéid atá ann Cheana: Cora Bhaile an Chaisleáin, Baile an Chaisleáin, Co. Laoise



Rogha F – Bealach Éisc Rampa Carraige a chur isteach ar an taobh thuas den abhainn ón gCora. An chora reatha a choinneáil. An dréimire éisc reatha a bhaint. Rampa carraige nua a chur isteach ar an taobh thuas den abhainn. Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil. Sampla dá Leithéid atá ann Cheana: Wuppertal, an Ghearmáin




Rogha G - Seach-chanáil

An chora reatha a choinneáil. An dréimire éisc reatha a bhaint. Seach-chanáil nua a chur isteach ar bhruach na habhann ar an taobh thoir. Struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil. Sampla dá Leithéid atá ann Cheana: Bealach Éisc Bevere, Worcester, Sasana.



Rogha H – Í a Fhágáil mar Atá

An chora reatha agus an dréimire éisc reatha chomh maith le struchtúr Chomhla an Mhuilinn a choinneáil. Ní ligfidh sé do gach speiceas éisc an chora a thrasnú, áfach.

Áth an Choite
Tionscadal Phasáiste Éisc
Annacotty
Fish Passage Project

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
An Initiative of the Government of Ireland

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland
NATIONAL BARRIER MITIGATION PROGRAMME

# AMLÍNTE AN TOGRA AGUS NA CÉAD CHÉIMEANNA EILE

TÁ TÚ ANSEO

| Céim | Próiseas |
| --- | --- |
| Aiseolas ó pháirtithe leasmhara<br>R1 2025 | Chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta |
| An Rogha Tosaíochta a Aithint<br>Na Doiciméid don Iarratas Pleanála a Ullmhú<br>R2 go R3 2025 | Réamhdhearadh agus Measúnú Timpeallachta |
| Aighneacht Phleanála<br>R3 2025 | Próiseas Reachtúil |
| Conraitheoir a Sholáthar<br>R1 2026<br>Faoi réir Chead Pleanála | Dearadh mionsonraithe, sonraíocht tairisceana, comórtas & dámhachtain |
| Tógáil<br>R3 2026<br>Ag brath ar an tréimhse den bhliain ina gceadaítear oibreacha tógála a dhéanamh in aibhneacha | An Próiseas Forfheidhmithe agus Tógála a bhainistiú |
| Aistriú & Coimisiúnú<br>R4 2026 | Cuntas deiridh, comhad sábháilteachta agus líníochtaí taifid tógála |

## Sonraí Teagmhála

Is mór ag foireann an togra tuairimí a fháil ar an togra agus fáiltíonn siad roimh thuairimí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal téigh chuig www.fisheriesireland.ie/annacotty nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail leis na sonraí teagmhála thíos.

Seoladh Poist: An Rannóg Náisiúnta um Maolú Bacainní, Iascach Intíre Éireann, Teach Breac, Oileán an Iarla, Gaillimh, H91 E2A2. Ríomhphost: annacotty@fisheriesireland.ie nó glaoigh ar 052 6170072